# Comhairle Contae Chill Dara

## Athruithe Ábhartha Beartaithe ar

## Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) den

## Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú)

Tugtar fógra leis seo de bhun Alt 58 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 (arna leasú), gur ullmhaigh Comhairle Contae Chill Dara modhnuithe arb ionann iad agus Athruithe Ábhartha Beartaithe ar Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) de Phlean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú).

I gcomhréir le hAlt 58(13)(b) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2024 (arna leasú), cinneadh nach gá Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST) a dhéanamh i leith na nAthruithe Ábhartha Beartaithe ar an Athrú Beartaithe. I gcomhréir le hAlt 58(13)(c) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 (arna leasú), cinneadh nach gá Measúnú Cuí (MC) a dhéanamh i leith na nAthruithe Ábhartha Beartaithe ar an Athrú Beartaithe.

Maidir leis sin, foilsítear na doiciméid a leanas le haghaidh cigireachta agus comhairliúchán poiblí:

- Tuarascáil Mholta maidir le hAthruithe Ábhartha ar Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú), ina bhfuil na modhnuithe arb ionann iad agus athruithe ábhartha ar an Athrú Beartaithe.
- Tuarascáil Aguisín um Scagadh na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta de bhun na Rialachán um Pleanáil Úsáide Talún – Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST) 2025.
- Cinneadh ar scagadh na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta.
- Tuarascáil Aguisín um Scagadh le haghaidh Measúnú Cuí de bhun Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga (92/43/CEE).
- Cinneadh ar scagadh le haghaidh Measúnú Cuí.

Beidh cóip d'Athruithe Ábhartha Beartaithe ar Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú), agus doiciméid ghaolmhara ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal le linn gnáthuaireanta oscailte ó **Dé Máirt, 4 Lúnasa 2026 go dtí 4i.n. Dé Máirt, 1 Meán Fómhair 2026** ag na suíomhanna seo a leanas:

- Ar thairseach an chomhairliúcháin phoiblí ar líne ag: https://consult.kildarecoco.ie/ga
- An Roinn Pleanála, Comhairle Contae Chill Dara, Áras Chill Dara, An Nás, Páirc Devoy, Contae Chill Dara W91 X77F.

Is féidir aighneachtaí i scríbhinn maidir leis na hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú), agus doiciméid ghaolmhara, a dhéanamh laistigh den tréimhse thuas agus **roimh 4i.n. Dé Máirt, 1 Meán Fómhair 2026**.

Ba cheart aighneachtaí i scríbhinn a mharcáil go soiléir mar **'Athruithe Ábhartha Beartaithe ar Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán)'** agus ní mór iad a chur isteach trí mheán:

- Thairseach an chomhairliúcháin phoiblí ar líne ag https://consult.kildarecoco.ie/ga

**NÓ**

- I scríbhinn chuig:
  - An tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, An Roinn Pleanála, Comhairle Contae Chill Dara, Áras Chill Dara, An Nás, Contae Chill Dara W91 X77F

Déan d'aighneacht trí mheán **amháin** i.e. ar líne nó cruachóip. Ba cheart d'ainm agus i gcás inarb iomchuí, an comhlacht nó an eagraíocht ar a bhfuil ionadaíocht á déanamh agat agus uimhir/uimhreacha na hAthruithe Ábhartha Beartaithe a lua in aon aighneacht nó tuairim. **Ní ghlacfar le haighneachtaí ríomhphoist ná facs ná le haighneachtaí déanacha.**

Cuirfidh an t-údarás gach aighneacht maidir leis na hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú), agus na doiciméid ghaolmhara san áireamh sula ndéanfar an tAthrú ar an bPlean Forbartha agus beidh siad mar chuid de Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh reachtúil a bheidh le hullmhú do na Comhaltaí Tofa.

Ní chuirfear san áireamh ach aighneachtaí a dhéantar i leith na nAthruithe Ábhartha Beartaithe agus na ndoiciméad a ghabhann leo (lena n-áirítear aighneachtaí a bhaineann leis na héifeachtaí suntasacha is dócha a bheidh ag cur i bhfeidhm na nAthruithe Ábhartha Beartaithe ar an gcomhshaol) sula ndéanfar Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán). **Ní féidir** aighneachtaí maidir le haon ghné eile d'Athrú Beartaithe Uimh. 6 (Plean Lonnaíochta na Sollán) a bhreithniú ag an gcéim seo den phróiseas.

Foilseofar Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar an tairseach comhairliúcháin phoiblí ar líne.

Is féidir sonraí faoi do theidlíochtaí agus oibleagáidí príobháideachais faoi RGCS a léamh anseo:
www.kildarecoco.ie/YourCouncil/GovernanceandCompliance/DataProtection/

**SPRIOCDHÁTA CHUN AIGHNEACHTAÍ A FHÁIL: 4i.n. Dé Máirt an 1 Meán Fómhair 2026. Ní ghlacfar le haighneachtaí déanacha.**

Sínithe:

Alan Dunney

Stiúrthóir Seirbhíse - Pleanáil, Fiontraíocht agus Forbairt Gheilleagrach

Comhairle Contae Chill Dara